



Tuiscint & forbairt foclóra

caimiléir; uacht; sall; prochóg, sífil chainte, glan leat



Feasacht teanga

Cén mhaith



Scileanna cumarsáide

Na frásaí ‘maith an bhean’/ ‘maith an fear’ mar chuid d’ordú

Nóta: Tá an ceacht seo bunaithe ar fhíseán 6 den tsraith SnasTV Ros na Rún. D’fhéadfá na cleachtaí a dhéanamh i seomra ranga nó mar chuid den fhoghlaím neamhspleách, tar éis duit féachaint ar an bhfíseán.

A. Tuiscint & forbairt foclóra

1. Líon na bearnaí

Líon na bearnaí sa script leis na frásaí thíos:

chaimiléir cén mhaith	uacht glan leat	sall phrochóg	sífil chainte dearfa
--------------------------	--------------------	------------------	-------------------------

Tadhg: Sin é anois uacht mo sheanleaid. Is le Clann Uí Dhíreáin an talamh sin, ní le haon Derrane ná le haon duine eile. Agus cinnte _____ ní le haon _____ de Yank é! Anois maith an fear, _____ go Meiriceá nó cibé cén _____ i mBostún ar tháinig tú as.

Sonny: D’fhéadfainnse _____ a dhéanamh, ag fágáil Buckingham Palace agatsa, ach _____ duit a bheadh ann nuair nach liomsa sa gcéad áit é?

Tadhg: Cén sórt _____ atá ort?

2. Líon na bearnaí sa script le focail eile

Anois líon na bearnaí sa script arís ach le focail eile. Conas a athraíonn na focail nua an comhrá?

go cinnte m’athar	áit téigh	a dhuine chóir Mheiriceánach	Cad atá á rá agat? Áras an Uachtaráin
----------------------	--------------	---------------------------------	--

Tadhg: Sin é anois uacht _____. Is le Clann Uí Dhíreáin an talamh sin, ní le haon Derrane ná le haon duine eile. Agus _____ ní le haon _____ é! Anois _____, _____ sall go Meiriceá nó cibé cén _____ i mBostún ar tháinig tú as.

Sonny: D’fhéadfainnse uacht a dhéanamh, ag fágáil _____ agatsa, ach cén mhaith duit a bheadh ann nuair nach liomsa sa gcéad áit é?

Tadhg: _____?

B. Feasacht teanga: 'cén mhaith'

1. Cén mhaith

Chonaic muid sa mhír go leor samplaí den fhrása 'cén mhaith'. An cuimhin leat cad is brí leo?

Cén mhaith glaoch orthu sin?

Cén mhaith a bheith ag caint?

Cén mhaith a dhéanfadh sé?

Cén mhaith leithscéal anois?

Cén mhaith fón a bheith agat mura bhfreagraíonn tú é?

2. 'Cén mhaith' a úsáid

Bain úsáid as an bhfrása 'cén mhaith' anois chun ceistanna reitriciúla a chumadh sna cásanna thíos. Tá sampla sa bhosca chun cuidiú libh:

Sampla:	Rachaidh muid go Dún na nGall ar laethanta saoire! Cén mhaith dul ansin? Beidh sé ag cur fearthainne.
---------	--

(a) Ba cheart dúinn éirí as feoil a ithe, ar mhaithe leis an gcomhshaol.

Cén mhaith _____?

(b) Ba mhaith liom an teach a ghlanadh sula dtagann na páistí abhaile.

Cén mhaith _____?

(c) Tá tú ag fáil tacsáí? Cén fáth nach bhfaighfeá an bus?

Cén mhaith _____?

(d) Abair leo gan an oiread calláin a dhéanamh.

Cén mhaith _____?

(e) Ba cheart don rialtas níos mó seirbhísí poiblí a chur ar fáil i nGaeilge.

Cén mhaith _____?

3. 'Cén mhaith' a úsáid tú féin

Conas a d'úsáidfeá féin an frása 'cén mhaith?' Cuimhnigh ar 3 chomhthéacs ina n-úsáidfeá 'cén mhaith' i do shaol féin. Scríobh síos na habairtí a déarfá. Cuir na habairtí ansin i gcomparáid le habairtí an duine in aice leat. An raibh siad mar an gcéanna?

C. Cumarsáid

1. An frása ‘maith an fear’ mar chuid d’ordú

Is féidir ‘maith an bhean’ agus ‘maith an fear’ a úsáid mar chuid d’ordú, mar a chonaic muid sa mhír. Féach ar na samplaí eile thíos ó Ros na Rún. Conas a mhothófá féin dá ndéarfadh duine ‘maith an bhean’ nó ‘maith an fear’ leat sna cásanna áirithe thíos? Léigh gach cás leis an duine in aice leat agus pléigí an míniú caolchúiseach atá ag ‘maith an bhean’ nó ‘maith an fear’ i ngach cás.

(a) *Berni ag cuidiú le Bobbi Lee nuair nach mbraitheann sí rómhaith:*

Bobbi Lee: Tháinig mearbhall beag orm ansin.

Berni: Suigh síos, maith an bhean.

(b) *Sorcha i dTeach Thaidhg agus tart uirthi. Ordaíonn sí deoch ó Chaoilfhionn:*

Sorcha: Caith amach vodka agam, maith an bhean.

(c) *Bobbi Lee ag caint lena bainisteoir ar an nguthán:*

Bobbi Lee: Is cuma liom cén ócáid, just faigh *gig* dom, maith an fear.

(d) *Bobbi Lee agus Mack ag caint faoin mbrabús a dhéanfaidh siad a bhuí leis na turasóirí:*

Bobbi Lee: Turasóirí, a mhac. Tá siad ag teacht go Ros na Rún agus le cúnamh Mac Dé beidh siad stiúgtha leis an ocras!

Mack: Oh, líon go béal iad, maith an bhean. Muna bhfuil siad in ann corraí beidh *hackneys* uathu.

(e) *Bobbi Lee ag iarraidh a bheith ag comhrá le Mícheál ach níl fonn cainte air:*

Mícheál: Ah muise, ná tosaigh ar an tseafóid sin arís, maith an bhean. Tá mé ag iarraidh mo chaife a ól ar mo shuaimhneas.

(f) *John Joe agus Sorcha ag labhairt le Vince faoi ghluaisteán:*

John Joe: Leag as, maith an fear. Sin carr le haghaidh *boy racers*. Nach ea, Sorcha?

Sorcha: Vince, bíodh ciall agat, maith an fear.

(g) *Andy ag léiriú frustrachais le Berni:*

Andy: Ó, bíodh splanc chéille agat, maith an bhean.

2. Rólghníomhaíochtaí

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Bíodh comhrá agaibh bunaithe ar na *scenarios* thíos. Caithfidh sibh ‘cén mhaith’ agus ‘maith an bhean/an fear’ a úsáid i ngach cás. Malartaígi ról gach babhta.

(a) Ba mhaith leat cluiche leadóige a imirt ach níl do chara ag iarraidh dul leat.

(b) Tá do pháirtí/ chara ag féachaint ar an nguthán fad is atá tusa ag iarraidh rud éigin a rá. Tagann frustrachas ort.

(c) Tá aiste le scríobh agat agus iarrann tú ar do chara cuidiú leat. Níl sé/sí sásta cuidiú leat.

(d) Bhuaigh do chara €2,000 i gcomórtas scríbhneoireachta agus tá tú féin den bharúil gur cheart don bheirt agaibh dul amach le haghaidh béile deas leis an éacht a cheiliúradh. Níl do chara ag iarraidh pingin den airgead a chaitheamh.

Treoracha agus freagraí samplacha ar na cleachtaí:A: Tuiscint & forbairt foclóra

1. Líon na bearnaí

- Tadhg: Sin é anois uacht mo sheanleaid. Is le Clann Uí Dhireáin an talamh sin, ní le haon Derrane ná le haon duine eile. Agus cinnte **dearfa** ní le haon **chaimiléir** de Yank é! Anois maith an fear, **glan leat sall** go Meiriceá nó cibé cén **phrochóg** i mBostún ar tháinig tú as.
- Sonny: D'fhéadfainnse **uacht** a dhéanamh, ag fágáil *Buckingham Palace* agatsa, ach **cén mhaith** duit a bheadh ann nuair nach liomsa sa gcéad áit é?
- Tadhg: Cén sórt **sifil chainte** atá ort?

2. Líon na bearnaí sa script le focail eile

- Tadhg: Sin é anois uacht **m'athar**. Is le Clann Uí Dhireáin an talamh sin, ní le haon Derrane ná le haon duine eile. Agus **go cinnte** ní le haon **Mheiriceánach** é! Anois **a dhuine chóir, téigh** sall go Meiriceá nó cibé cén **áit** i mBostún ar tháinig tú as.
- Sonny: D'fhéadfainnse uacht a dhéanamh, ag fágáil **Áras an Uachtaráin** agatsa, ach cén mhaith duit a bheadh ann nuair nach liomsa sa gcéad áit é?
- Tadhg: **Cad atá á rá agat?**

Bíodh plé agat ansin leis an rang iomlán faoin difríocht idir an dá chomhrá agus conas a chuireann an saibhreas teanga le héirim an chomhrá.

B: Feasacht teanga: 'cén mhaith'

1. Cén mhaith

Cén mhaith gaoch orthu sin?	<i>What's the point in calling them?</i>
Cén mhaith a bheith ag caint?	<i>What's the use in talking?</i>
Cén mhaith a dhéanfaidh sé?	<i>What good would it do?</i>
Cén mhaith leithscéal anois?	<i>What good is an excuse now?</i>
Cén mhaith fón a bheith agat	<i>What's the point in having a phone if you don't answer it?</i>
	<i>mura bhfreagraíonn tú é?</i>

2. 'Cén mhaith' a úsáid

- (a) Ba cheart dúinn éirí as feoil a ithe, ar mhaithe leis an gcomhshaol.
Cén mhaith dúinne sin a dhéanamh nuair a bhíonn gach duine eile á hithe?
- (b) Ba mhaith liom an teach a ghlanadh sula dtagann na páistí abhaile.
Cén mhaith an teach a ghlanadh mar beidh sé bunoscionn arís um thráthnóna?
- (c) Tá tú ag fáil tacsái? Cén fáth nach bhfaighfeá an bus?
Cén mhaith bus a fháil nuair a bheidh siúlóid 10 nóiméad agam go dtí stad an bhus?
- (d) Abair leo gan an oiread calláin a dhéanamh.
Cén mhaith a bheith ag caint leo nuair nach dtugann siad aird ar bith orm?
- (e) Ba cheart don rialtas níos mó seirbhísí poiblí a chur ar fáil i nGaeilge.
Cén mhaith sin nuair nach labhraíonn go leor daoine Gaeilge mar atá?

3. ‘Cén mhaith’ a úsáid tú féin

Cleachtadh cainte é seo agus ba cheart go mbeadh píosa craice ag na foghlaimeoirí ag smaoineamh ar bhealaí a n-úsáideann siad féin ‘cén mhaith’. Pléigh na habairtí a bhí ag gach duine.

C: Cumarsáid

1. An frása ‘maith an fear’ mar chuid d’ordú:

Tabhair deis do gach beirt na samplaí ó Ros na Rún a phlé le chéile ar dtús sula bpléifidh tusa leis an rang iomlán iad.

2. Rólghníomhaíochtaí:

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na rólghníomhaíochtaí a dhéanamh le chéile agus cleachtadh a dhéanamh ar struchtúir an cheachta. Mar shampla:

Ba mhaith leat cluiche leadóige a imirt ach níl do chara ag iarraidh dul leat.

Tusa: An bhfuil a fhios agat seo, a Cháit! Ba cheart dúinn cluiche leadóige a imirt.

Cáit: Níl fonn orm, caithfidh mé a rá. Cuir glaoch ar Phádraig.

Tusa: Cén mhaith glaoch airsean nuair nach mbíonn sé saor riamh? Gabh i leith, beidh sé go breá, cluiche beag amháin.

Cáit: Tá mé tuirseach.

Tusa: Dhera gabh i leith, maith an bhean. Déanfaidh sé maitheas duit.

Cáit: Cén mhaith a bheith ag imirt leatsa nuair a bhíonn an bua agat i gcónaí? Cuireann sé soir mé.



Ceacht 6: Script an fhíseáin “Glan leat, maith an fear!” Daoine ag sárú ar a chéile

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún.

Ceacht a sé: Glan leat, maith an fear – daoine ag sárú ar a chéile.

Intreoir:

Sa mhír seo, feicfidh muid Tadhg, agus a chol ceathrar, Sonny, ag sárú ar a chéile. Tá Sonny tar éis teacht anonn ó Mheiriceá agus an saol a chur bunoscionn ar Thadhg bocht. Níor thuig Tadhg go dtí seo go raibh col ceathrar aige fiú. Anois tá an fear seo ag rá nach le Tadhg an talamh a d'fhág a athair aige, agus go deimhin, nár le hathair Thaidhg an talamh an chéad lá riamh. *Sonny has just landed in Ros na Rún from America and is causing ructions for Tadhg. The long-lost cousin is laying claim to Tadhg's inheritance and raising questions over the legitimacy of his father's will.* Is léir go bhfuil Tadhg suaite agus ní minic a bhíonn sé mar sin. *Poor Tadhg is fairly shook.* Féach ar an mhír iomlán anois. Ná bí buartha mura dtuigeann tú gach rud, rachaidh muid tríd céim ar chéim ar ball beag.

An mhír físe ó Ros na Rún:

Tadhg: Sin é anois uacht mo sheanleaid.

Is le Clann Uí Dhireáin an talamh sin, ní le haon Derrane ná le haon duine eile. Agus cinnte dearfa ní le haon chaimiléir de Yank é!

Anois maith an fear, glan leat sall go Meiriceá nó cibé cén phrochóg i mBostún ar tháinig tú as.

Sonny: D'fhéadfainnse uacht a dhéanamh, ag fágáil Buckingham Palace agatsa, ach cén mhaith duit a bheadh ann nuair nach liomsa sa gcéad áit é?

Tadhg: Cén sórt sifil chainte atá ort?

Ar thuig tú?

Sin é anois é uacht mo sheanleaid. *There you have it now, my old man's will.* Uacht, is é sin *will*, agus mo sheanleaid, *my old man or aul fella*. Frása neamhfhoirmiúil ar 'athair'.

Úsáideann Tadhg an leagan Gaeilge dá mhuintir – Clann Uí Dhireáin agus cuireann sé béim ar an leagan Béarla, Derrane, le cur abhaile ar an Sonny seo nach Éireannach é, nach duine áitiúil é agus gur coimhthíoch é. Agus nach mbeadh aon seans ag a leithéid seilbh a fháil ar thalamh a muintire. *Tadhg uses Derrane to make little of Sonny and to highlight the fact that he's a stranger in these parts and not entitled to any of the family land.*

Níl aon dabht ann faoi gur fear maith é Tadhg le bheith ag caitheamh anuas ar dhaoine agus ag tabhairt ainmneacha gránna orthu. *Tadhg is a great man when it comes to insulting people.* Ciallaíonn caimiléir, *crook*, agus is téarma maslach go leor é *Yank* ar Mheiriceánach.

'Glan leat sall go Meiriceá nó cibé cén phrochóg i mBostún ar tháinig tú as' Glan leat, *clear off*, glan leat, bailigh leat, imigh leat. Glan leat sall – sall, sin *over* nó *across*. Téigh sall go Meiriceá – *go over to America*. Nó cibé cén phrochóg – *or whatever hole or hovel you came out of*.

Cén mhaith duit a bheadh ann – *what use would it be to you?* Ó, tá Sonny ag iarraidh a bheith iontach soiléir anseo, níor mhaith leis go mbeadh aon mhíthuiscint ann. *I could leave you Buckingham Palace, but sure what good would that do you, when it's not mine to start with.*

Tadhg bocht. Tá an scéal seo tar éis teacht aniar aduaidh air agus níor mhaith leis é a chreidbheáil. Sifil chainte – *silly talk or nonsense*. Cén sórt sifil chainte atá ort? *What are you on about?*

Spotsolas ar an gcumarsáid:

Caithfidh muid spotsolas anois ar an fhocal 'maith'. Is minic a bhíonn níos mó ná brí amháin le focal agus frásaí, ag brath ar an chomhthéacs ina n-úsáidtear iad. Tóg an frása 'maith an fear' mar shampla. Moladh atá ann, ar ndóigh, a chiallaíonn *Good man!* Ach bhí blas den searbhas agus den dímheas le brath ar an fhrása céanna nuair a dúirt Tadhg 'Anois, maith an fear, glan leat' sa mhír seo. Nós coitianta é úsáid a bhaint as na frásaí 'maith an fear' nó 'maith an bhean' ar an dóigh seo, le hordú a thabhairt do dhuine ar bhealach beagán borb. Ag brath ar an chomhthéacs, d'fhéadfadh greann, dímheas, searbhas, frustrachas nó bagairt a bheith i gceist.

Seo roinnt samplaí eile ó Ros na Rún:

Sonia: Sam, Bobbi Lee, Sam. Is é Sam atá ag cur isteach orm. Níl mé ag iarraidh go bhfaighidh sé amach faoi Mhac.

Bobbi Lee: Orú bíodh ciall agat, maith an bhean! Ní páiste é níos mó.

Evan: An bhfuil sé fíor?

Berni: Evan, maith an fear, fág é!

Vince: Níl mé ach a rá go bhfuil bealaí áirithe le hearraí an tsiopa a leagan amach i gceart.

Caitríona: Ó, an mar sin é?

Vince: Dhera, ná caith *hissy fit* mar gheall air seo, maith an bhean!

Sonny: Anraith agus ceapaire ansin, a Thaidhg, le do thoil. Agus déan sciobtha é, maith an fear!

Ar thug tú faoi deara?

Ar thug tú faoi deara gur bhain Sonny úsáid eile ar fad as an fhocal 'maith' nuair a dúirt sé 'Cén mhaith dhuit a bheadh ann' – *What use would it be to you?*

Tá an frása 'cén mhaith' an-úsáideach le Gaeilge a chur ar leithéidí *What's the use* nó *What's the point*. Cén Béarla a chuirfeá ar na línte seo a leanas ó Ros na Rún:

Cén mhaith glaoch orthu?

What's the point in calling them?

Cén mhaith a bheith ag caint?

What's the use in talking?

Cén mhaith a dhéanadh sé?

What good would it do?

Cén mhaith leithscéal anois?
What good is an excuse now?

Cén mhaith fón a bheith a'd mura bhfreagraíonn tú é?
What's the point in having a phone if you don't answer it?
... mar a deirim féin go minic le m'fhear céile!

Anois. Féach ar an mhír iomlán arís le dul siar ar gach rud atá pléite againn. Más maith leat an script a fheiceáil arís nó tuilleadh cleachtaí a dhéanamh ar ábhar an cheachta, aimsigh an bhileog oibre ar snas.ie.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal



Crannchur
Náisiúnta